COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– MONTAINÉAGRÓ–

An Bhruiséil, 15 Nollaig 2025
(OR. en)

AD 21/25

LIMITE

CONF-ME 8

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>- Caibidil 13: Iascach |

## COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH

**Caibidil Chaibidlíochta 13: Iascach**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile.

- na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile – fiú mura bhfuil iontu ach páirtchomhaontuithe – ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán.

- na riachtanais a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais, agus é á thabhairt dá aire aige go bhféadfadh *acquis* breise teacht i bhfeidhm roimh an aontachas, chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* a áirithiú, agus molann sé dó, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 1/16 CONF-ME 1 agus AD 18/25 CONF-ME 5 uaidh, an *acquis* faoi Chaibidil 13 mar atá i bhfeidhm ón 18 Meán Fómhair 2025, agus go ndearbhaíonn sé go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.

**Prionsabail ghinearálta**

Mar fhreagairt fhoriomlán ar iarrataí Mhontainéagró, meabhraítear don Aontas a sheasamh ginearálta caibidlíochta go mbeidh bearta idirthréimhseacha eisceachtúil, teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de, agus gur gá plean a bheith ag gabháil leo ina sainítear go soiléir céimeanna chun an *acquis* a chur i bhfeidhm. Ní fhéadfaidh leasuithe ar rialacha ná ar bheartais an Aontais a bheith i gceist leo, ní fhéadfaidh siad cur isteach ar a bhfeidhmiú cuí, ná ní fhéadfar saobhadh suntasach iomaíochta a bheith mar thoradh orthu.

Meabhraíonn an tAontas an prionsabal go mbeidh inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir le hacmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú faoin gcomhbheartas iascaigh. Meabhraítear don Aontas cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), is é sin a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de, go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta, agus go gcuirfidh siad le hinfhaighteacht soláthairtí bia.

Cuireann an tAontas in iúl gurb ionann glacadh Mhontainéagró leis an *acquis* agus a ghlacadh le córas an Aontais maidir le rochtain ar uiscí agus ar acmhainní.

Tugann an tAontas dá aire gur earnáil bheag í earnáil an iascaigh i Montainéagró agus go bhfuil teorainn leis an acmhainneacht riaracháin atá ann cheana.



PUBLIC

**Bainistiú Acmhainní agus Cabhlaigh**

Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn suntasach atá déanta ag Montainéagró maidir lena reachtaíocht iascaigh a ailíniú le *acquis* an Aontais i ngach réimse a chumhdaítear sa chaibidil seo.

Aithníonn an tAontas a thábhachtaí atá sé gur glacadh **Straitéis Iascaigh 2024-2029** in éineacht le Plean Gníomhaíochta cuimsitheach ina sonraítear na príomhchéimeanna chun *acquis* an Aontais a thrasuí, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú chun ullmhú do chomhlíonadh iomlán an chomhbheartais iascaigh. Molann an tAontas do Mhontainéagró na hathchóirithe dlíthiúla, riaracháin agus infheistíochta sainithe a thabhairt chun críche faoi na spriocdhátaí a leagtar amach sa Straitéis sin.

Tugann an tAontas dá aire gur glacadh an **Dlí maidir le hIascach Muirí**, dlí nua atá mar bhonn do chur chun feidhme iomlán na n-oibleagáidí idirnáisiúnta ar an leibhéal náisiúnta. Tugann an tAontas dá aire go bhfágann an dlí sin go bhfuil Montainéagró tar éis ailíniú le cuid mhór d'*acquis* Chaibidil 13 agus go léirítear ann **croíphrionsabail an chomhbheartais iascaigh** agus na hEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) ábhartha. Rialaítear leis **bainistiú acmhainní agus cabhlaigh**, bunú córas **cigireachta agus rialaithe**, bainistiú gníomhaíochtaí **iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte**, **bailiú sonraí** in earnáil an iascaigh, caomhnú acmhainní iascaigh agus cosaint éiceachóras muirí trí **bhearta teicniúla,** agus is é is aidhm dó iascaireacht atá inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta de, tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta, fostaíocht agus infhaighteacht bia a áirithiú.

Measann an tAontas gurb é an dlí sin an bunús dlí bunúsach d'earnáil an iascaigh. Anuas ar an dlí sin, is gá reachtaíocht thánaisteach bhreise a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na sainiúlachtaí teicniúla atá i Rialacháin an Aontais a bhaineann le hiascach. Forordófar leis na gníomhartha reachtaíochta tánaistí, i measc nithe eile, rialacha níos mionsonraithe maidir leis na coinníollacha chun ceadúnais a fháil le haghaidh iascaireacht tráchtála agus áineasa, chomh maith le húdaruithe le haghaidh cineálacha áirithe iascaireachta tráchtála, trealamh sonrach iascaireachta, coinníollacha agus srianta maidir le dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta, an córas um fhaireachán soithí, maoirseacht chigireachta, lipéadú táirgí iascaigh agus ceanglais inrianaitheachta, speicis a bhfuil toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh orthu agus íosmhéideanna le haghaidh speicis áirithe éisc, bailiú sonraí agus clárlann an chabhlaigh iascaireachta. Tá an tAontas ag súil go nglacfar an reachtaíocht thánaisteach agus na leabhair rialacha uile faoi dháta an aontachais. Déanfaidh an tAontas dlúthfhaireachán ar ghlacadh agus ar chur chun feidhme na reachtaíochta tánaistí sin.

I réimse **an bhailithe sonraí**, is díol sásaimh don Aontas iarrachtaí Mhontainéagró acmhainneachtaí teicniúla agus acmhainní a fhorbairt agus a thiomantas go mbeidh an riarachán iascaigh in ann na sonraí ábhartha uile a chomhroinnt leis an gCoimisiún Eorpach faoi dháta an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire go n-iarrann Montainéagró na hidirthréimhsí seo a leanas chun an *acquis* a chur chun feidhme faoin gcaibidil seo tar éis dháta an aontachais:

- Díolmhú ar feadh tréimhse 3 bliana ó chur i bhfeidhm iomlán Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle, lena dtoirmisctear trealamh tarraingthe a úsáid laistigh de 3 mhuirmhíle ón gcósta nó laistigh den iseabat 50 méadar má bhaintear amach an doimhneacht sin níos giorra don chósta, ó chur i bhfeidhm iomlán Chuid A d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le sairdíní Eorpacha (*Sardina pilchardus*), lena leagtar síos íosmhéid tagartha caomhnaithe 11 cm sa Mheánmhuir, agus ó chur i bhfeidhm iomlán Chuid B, pointe 2, de Rialachán (AE) 2019/1241, lena socraítear an mogallmhéid íosta do líonta timpeallúcháin ag 14 mm ar a laghad le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta i mBá Boka Kotorska.

Iarrann Montainéagró go gceadófaí, le linn na hidirthréimhse sin, saighní cladaigh de mhogallmhéideanna 12-20 mm a úsáid i mBá Boka Kotorska agus oibleagáid ann plean bainistíochta náisiúnta a ghlacadh do na líonta timpeallúcháin uile i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Uimh. 1967/2006 ón gComhairle. Iarrtar an idirthréimhse sin ós rud é gur traidisiún cultúrtha atá ann leis na céadta bliain é an modh iascaireachta le saighní cladaigh ('potegače') i mBá Boka Kotorska agus go bhfuil gné láidir shocheacnamaíoch ag baint leis do theaghlaigh áitiúla. De réir mheasúnú an Choimisiúin, measann an tAontas gur féidir a mheas gur líon timpeallúcháin atá sa trealamh iascaireachta traidisiúnta sin ina gcoinnítear na héisc sa líon agus lena dtarraingítear de láimh iad i dtreo an chladaigh, rud a fhágann nach bhfuil an iarraidh ar mhaolú ar Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle infheidhmithe. Dhéanfaí an maolú sealadach 3 bliana sin ó dháta an aontachais a dheonú do 24 shoitheach bheaga ar a mhéad, ar soithí iad a iomraítear de láimh den chuid is mó, a bhfuil a gceadúnais iascaireachta neamh-inaistrithe agus neamh-indíolta, agus nach mbíonn gníomhach ach le linn tréimhsí áirithe den bhliain. Níl aon tionchar ar ghrinneall na farraige agus tá an méid gabhála a eascraíonn as, thart ar 150 kg, sách beag, ní bheartaítear ach don mhargadh áitiúil é agus dhéanfaí é a lipéadú go speisialtsa.

- Díolmhú ar feadh tréimhse 3 bliana ó chur i bhfeidhm iomlán Airteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle, lena dtoirmisctear úsáid a bhaint as peaslíonta saighne timpeallúcháin laistigh de 300 méadar ón gcósta nó laistigh den iseabat 50 méadar má bhaintear amach an doimhneacht sin níos giorra don chósta.

Iarrann Montainéagró, le linn na hidirthréimhse sin, go gceadófar peaslíonta saighne suas le 70 méadar ar airde agus 400 méadar ar fad a úsáid laistigh de 300 méadar ón gcósta nó laistigh den iseabat 50 méadar agus ag doimhneacht níos lú ná 70 % d'airde iomlán an pheaslín saighne timpeallúcháin, agus oibleagáid ann plean bainistíochta náisiúnta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle. Dheonófaí an maolú sealadach 3 bliana ó dháta an aontachais do 17 soitheach ar a mhéad a bhfuil bratach Mhontainéagró ar foluain acu. Tá teorainn dhocht gheografach agus ama le húsáid an trealaimh iascaireachta thraidisiúnta sin. Sonrófar a thuilleadh i bhfoghníomh atá beartaithe na coinníollacha spás-ama is infheidhme maidir leis na soithí sin a úsáideann peaslíonta saighne i mBá Boka Kotorska agus sonrófar freisin láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe do na soithí sin chun éifeachtúlacht an rialaithe agus an fhaireacháin a fheabhsú.

- Díolmhú ar feadh tréimhse 3 bliana ó chur i bhfeidhm iomlán Iarscríbhinn IX, Cuid C, pointe 2, de Rialachán (AE) 2019/1241, lena dteorannaítear fad na bpeaslíonta saighne agus fad na saighní gan braighdíní íochtair go 800 méadar le titim 120 méadar, cé is moite de pheaslíonta saighne a úsáidtear le haghaidh iascaireacht dhírithe tuinníní.

Iarrann Montainéagró go gceadófaí, le linn na hidirthréimhse sin, peaslíonta saighne suas le 180 méadar ar airde a úsáid agus oibleagáid ann plean bainistíochta náisiúnta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle. Dheonófaí an maolú sealadach 3 bliana ó dháta an aontachais do 3 soitheach ar a mhéad a bhfuil bratach Mhontainéagró ar foluain acu laistigh d'uiscí teorann agus faoi chuótaí gabhála bunaithe. Iarrtar an maolú sealadach i bhfianaise gheomoirfeolaíocht an imchuach Aidriadaigh. Os comhair Mhontainéagró atá an doimhneacht is mó i Muir Aidriad (1300 méadar), mar a bhfuil sruthanna láidre insreafa agus ard-trédhearcacht uisce. Éalaíonn éisc go héasca amach faoin líon agus tá teochtaí farraige ag dul i méid, tríd is tríd, de dheasca an athraithe aeráide, rud a fhágann go n-aistríonn éisc go huiscí níos doimhne. Measann Montainéagró go gcuirfeadh athruithe ar thógáil na bpeaslíonta saighne, lena dteorannófaí a n-airde go 120 méadar go sonrach, bac mór ar ghabháil iasc peiligeach beag, rud a laghdódh cainníochtaí gabhála go mór agus a d'fhágfadh go mbeadh an earnáil sin neamhbhrabúsach.

Tugann an tAontas dá aire gur iarradh na hidirthréimhsí thuas mar gheall ar shainiúlacht chósta Mhontainéagró agus chun gníomhaíochtaí iascaireachta traidisiúnta a chaomhnú. Aithníonn an tAontas go bhfuil raon feidhme an-teoranta ag na hidirthréimhsí a iarradh maidir lena gcur i bhfeidhm geografach agus ama agus maidir le líon na soithí lena mbaineann agus na cainníochtaí measta gabhála atá i gceist. Le bearta agus coinníollacha sriantacha breise, coinnítear úsáid agus tionchar na n-idirthréimhsí sin chomh beag agus is féidir. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbíonn aon tionchar suntasach ag gníomhaíochtaí iascaireachta a chumhdaítear leis na hidirthréimhsí sin ar an muirthimpeallacht agus go mbeidh ar Mhontainéagró, faoi dháta an aontachais, na hoibleagáidí a bhaineann le cosaint gnáthóg agus speiceas muirí ar orthu a bhíonn tionchar ag gníomhaíochtaí iascaireachta a chomhlíonadh mar a cheanglaítear faoi Rialacháin 1967/2006 agus 2019/1241. Ar bhonn na mbreithnithe sin, measann an tAontas, dá bhrí sin, go bhfuil na hiarrataí thuas ar idirthréimhsí ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta an aontachais inghlactha agus aontaíonn sé leis na socruithe sonracha a leagtar amach thuas.

**Beartas margaidh**

Tugann an tAontas dá aire go mbunaítear le **Dlí Mhontainéagró maidir le hEagrú an Mhargaidh i gcás Iascach agus Dobharshaothraithe** an bunús chun margadh na dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a rialáil agus go ndéantar, ag an am céanna, feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a áirithiú, dálaí a chruthú le haghaidh lipéadú táirgí a chuirtear ar an margadh, iomaíochas táirgeoirí a neartú trí eagraíochtaí táirgeoirí a chur ar bun, mar aon le rialú leordhóthanach ar chur chun feidhme na mbeart maidir le heagrú an mhargaidh. Tá an Dlí ag teacht le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. Tá an tAontas ag súil go mbeidh dlíthe uile Mhontainéagró i réimse an bheartais margaidh ag teacht le *acquis* an Aontais, faoi dháta an aontachais, ach a nglacfaidh sé an reachtaíocht thánaisteach ábhartha.

**Gníomhaíochtaí struchtúracha agus an Státchabhair**

Tugann an tAontas dá aire go bhforordaítear le **Dlí** Mhontainéagró **maidir le Bearta Struchtúracha agus Leithdháileadh Státchabhrach i gcás Iascach agus Dobharshaothraithe** na sásraí maidir le beartas struchtúrach agus cur chun feidhme **beart struchtúrach** agus go bhfuil sé ag teacht le Rialachán (AE) 2021/1060 agus le Rialachán CEMID (Rialachán 2021/1139). Tugann an tAontas dá aire go sainítear freisin sa Dlí an **Státchabhair** agus leithdháileadh na Státchabhrach agus go bhfuil siad araon ag teacht le hAirteagal 107 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Tugann an tAontas dá aire a thiomanta atá Montainéagró an reachtaíocht atá ann cheana a leasú, faoi dháta an aontachais, i gcás ina bhfuil an reachtaíocht sin ag teacht salach ar na creatdlíthe nuaghlactha sa Chaibidil seo den *acquis*. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró achoimre bheacht ar an obair leasúcháin atá beartaithe a dhréachtú agus a thíolacadh.

**Comhaontuithe idirnáisiúnta**

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil aon chomhaontuithe iascaigh ag Montainéagró le tríú tíortha. Meabhraítear don Aontas nach mór do Mhontainéagró tarraingt siar, ar dháta an aontachais nó ar an dáta is luaithe is féidir ina dhiaidh sin, ó chomhaontuithe déthaobhacha iascaigh, ach amháin mura dtugann siad rochtain ar acmhainní bitheolaíocha muirí tríú tír.

Tarraingíonn an tAontas aird ar a thiomanta atá Montainéagró glacadh le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais i réimse an iascaigh agus na gealltanais sin a chur chun feidhme. I ndáil leis an méid sin, tugann an tAontas dá aire gur aontaigh Montainéagró don Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) i mí Eanáir 2008 agus gur dhaingnigh sé an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) i mí Iúil 2025. Dá mbeadh taifead stairiúil ag Montainéagró ar na gabhálacha a rinneadh laistigh de ICCAT, dhéanfaí na figiúirí sin a ionchorprú i ngabhálacha iomlána an Aontais Eorpaigh atá ann cheana. Maidir leis an eochair leithdháilte reatha is infheidhme maidir leis na Ballstáit atá ann cheana, ní bheidh an eochair sin faoi réir modhnú.

Tugann an tAontas dá aire a thiomanta atá Montainéagró Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Mórimirceach Éisc a dhaingniú faoi lá an aontachais.

Meabhraítear don Aontas a bhfuil á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar thionchar Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, agus freisin ar chur chun feidhme leanúnach Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842 (an Rialachán athbhreithnithe maidir le Rialú ar Iascach) trí bhíthin gníomhartha reachtacha tánaisteacha éagsúla, agus rialacha nua ag teacht i bhfeidhm as seo go dtí 2029. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró é féin a choinneáil ar an eolas go tráthrialta faoina bhfuil ag tarlú maidir le Caibidil 13 den *acquis*.

**An dobharshaothrú**

Tugann an tAontas dá aire gur ghlac Montainéagró **Dlí nua freisin maidir leis an Dobharshaothrú** lena leagtar síos an bunús dlí d’fheidhmiú éifeachtúil na hearnála, lena sainítear na coinníollacha faoinar féidir ceadúnais dobharshaothraithe a dheonú agus a chúlghairm, táirgí dobharshaothraithe a chur ar an margadh, speicis choimhthíocha agus speicis nach bhfaightear go háitiúil a bhainistiú agus sonraí a bhailiú san earnáil. Má táthar le hailíniú iomlán a bhaint amach, áfach, ní mór reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh, a fhágfaidh go mbeidh feidhm ag an Rialachán maidir le speicis choimhthíocha agus speicis nach bhfaightear go háitiúil a úsáid sa dobharshaothrú (Rialachán (CE) Uimh. 708/2007), agus mí mór an Plean Náisiúnta Dobharshaothraithe, atáthar á ullmhú cheana féin, a ghlacadh freisin. Tá an tAontas ag súil go nglacfaidh Montainéagró an reachtaíocht thánaisteach uile agus na leabhair rialacha uile is gá faoi dháta an aontachais.



PUBLIC

**Creat institiúideach agus acmhainneachtaí riaracháin le haghaidh na cigireachta agus an rialaithe**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil **creat** leordhóthanach **rialála agus institiúideach** curtha i bhfeidhm ag Montainéagró, lena n-áirítear Stiúrthóireacht ainmnithe um Iascach faoi chuimsiú na hAireachta Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Bainistithe Uisce (ATFBU) agus comhlachtaí cigireachta comhlántacha, mar shampla, an Stiúrthóireacht um Shábháilteacht Bia, Gnóthaí Tréidliachta agus Fíteashláintíochta agus an tSeirbhís Póilíneachta Teorann faoin Aireacht Gnóthaí Baile. Maidir le bearta struchtúracha, státchabhair agus beartais mhargaidh, tá Seirbhís Cuntasaíochta ATFBU, an Roinn um Bearta Struchtúracha, Státchabhair, Cistí an Aontais agus Eagrú an Mhargaidh san Iascach agus sa Dobharshaothrú agus an Roinn Anailísí Eacnamaíocha bainteach leo freisin, agus maidir le bailiú sonraí, tá ról nach beag ag Institiúid na Bitheolaíochta Muirí in Kotor (IMBK, as 'Institute of Marine Biology in Kotor') agus ag Oifig Staidrimh Mhontainéagró (MONSTAT).

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil Montainéagró tiomanta i gcónaí a **acmhainneachtaí riaracháin, rialúcháin agus cigireachta** a neartú. I mí Iúil 2025, glacadh an Plean Gníomhaíochta maidir le hAcmhainneachtaí Riaracháin, Cigireachta agus Rialúcháin a Neartú. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró leanúint dá bhfuil ar bun aige chun 13 bhall foirne breise a earcú faoi 2028, rud a fhágfaidh go mbeidh 24 fhostaí ar an iomlán sa Stiúrthóireacht um Iascach, agus iad uile freagrach go díreach as CBI a chur chun feidhme.

Tugann an tAontas dá aire a thiomanta atá Montainéagró trealamh nua TF a sholáthar don Stiúrthóireacht agus don Lárionaid nuabhunaithe Faireacháin Iascaigh, agus feithiclí nua a sholáthar do na foirne cigireachta faoi dháta an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, a bhfuil á dhéanamh ag Montainéagró chun freagrachtaí maoirseachta cigireachta a chur freisin ar oifigigh údaraithe ó na Póilíní Teorann, agus chun díriú ar oiliúint na n-oifigeach údaraithe, rud a threiseoidh a thuilleadh leis na hacmhainneachtaí cigireachta.

Tá tAontas ag súil go leanfaidh Montainéagró dá bhfuil ar bun aige chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán i gCaibidil 13 ar bhealach a áiritheoidh go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil é, go mbeifear cuntasach, cothrom agus trédhearcach agus go mbeidh coimircí stóinseacha ann ar gach uile leibhéal i gcoinne an éillithe. Coinneoidh an tAontas súil ghéar ar chur chun feidhme ghealltanais Mhontainéagró, lena n-áirítear coigeartuithe ar a chreat dlíthiúil trí bhíthin na reachtaíochta tánaistí atá beartaithe agus na n-acmhainneachtaí riaracháin atá tuartha.

*......*......*

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo ag an bpointe seo.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an ailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir leis an *acquis* a chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Dearbhaíonn an tAontas go dtabharfaidh sé aird faoi leith ar an bhfaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn a áirithiú go mbeadh an cumas riaracháin ag Montainéagró an *acquis* sa chaibidil seo a fhorfheidhmiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní anois ach ag céim is faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró leis an *acquis* agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis*.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 1/16 CONF ME 1 agus AD 18/25 CONF-ME 5 uaidh, an *acquis* faoi Chaibidil 13 mar atá i bhfeidhm ón 18 Meán Fómhair 2025. Thairis sin, tugann an tAontas dá aire go ndearbhaíonn Montainéagró go leanfaidh sé den phróiseas ailínithe leis an *acquis* agus go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua a bheith ann idir an 18 Meán Fómhair 2025 agus tráth thabhairt i gcrích na caibidlíochta.

---



PUBLIC

**DRÉACHT - LEASUITHE DLÍTHIÚLA A EASCRAÍONN AS AN NÓS IMEACHTA DÍLÁRAITHE**

**IARSCRÍBHINN [XX]**

**Liosta dá dtagraítear in Airteagal [XX] den Ionstraim Aontachais: Bearta idirthréimhseacha**

[X.] IASCAIGH

32006 R 1967: Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistíochta i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 409, 30.12.2006, lch. 11).

32019 R 1241: Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle.

PUBLIC

(a) De mhaolú ar Chuid A (*Sardina pilchardus*) d'Iarscríbhinn IX, agus pointe 2 de Chuid B d'Iarscríbhinn IX de Rialachán (AE) 2019/1241, ceadófar go sealadach do 24 shoitheach a bhfuil bratach Mhontainéagró ar foluain acu, agus a bhfuil a gceadúnais iascaireachta neamh-inaistrithe agus neamh-indíolta, sairdíní faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe 11 cm a ghabháil le líonta timpeallúcháin a bhfuil mogallmhéid 12 mm ar a laghad acu i mBá Boka Kotorska ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta an aontachais, agus an oibleagáid ann plean bainistíochta náisiúnta a ghlacadh le haghaidh iascaigh arna ndéanamh le gach uile líon timpeallúcháin i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Uimh. 1967/2006 ón gComhairle, agus ar choinníoll go sonraítear an cineál trealaimh iascaireachta agus an limistéar beacht iascaireachta ar an lipéad atá ar ghabhálacha an trealaimh sin, agus gur ar an margadh áitiúil agus ar an margadh sin amháin a dhéanfar iad a mhargú. Féadfar athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, nuashonrú ar an bplean bainistíochta náisiúnta a dhéanamh le linn na tréimhse sonraithe. Cuirfidh Montainéagró liosta de na soithí a chumhdaítear leis an idirthréimhse sin, lena n-áirítear a dtréithe agus a n-acmhainneacht, arna lua i dtéarmaí olltonnáiste agus kW, faoi bhráid an Choimisiúin ar dháta an aontachais, ar a dhéanaí.

(b) De mhaolú ar Airteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle, ceadófar go sealadach do 17 soitheach a bhfuil bratach Mhontainéagró ar foluain acu agus a bhfuil a gceadúnais iascaireachta neamh-inaistrithe agus neamh-indíolta, peaslíonta saighne suas le 70 méadar ar airde agus 400 méadar ar fad a úsáid i ngaireacht 300 méadar den chósta nó laistigh den iseabat 50 méadar má bhaintear an doimhneacht sin amach níos giorra don chósta agus ag doimhneacht is lú ná 70 % de thitim fhoriomlán an pheaslín saighne i mBá Boka Kotorska ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta an aontachais, agus an oibleagáid ann plean bainistíochta náisiúnta a ghlacadh le haghaidh iascaigh arna ndéanamh leis na peaslíonta saighne sin i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán Uimh. 1967/2006 ón gComhairle. Féadfar athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, nuashonrú ar an bplean bainistíochta náisiúnta a dhéanamh le linn na tréimhse sonraithe. Glacfaidh Montainéagró foghníomh atá beartaithe ina sonrófar a thuilleadh fós na coinníollacha spás-ama is infheidhme maidir leis na soithí sin a úsáideann peaslíonta saighne i mBá Boka Kotorska agus ina sonrófar láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe chun éifeachtúlacht an rialaithe agus an fhaireacháin a fheabhsú.

De mhaolú ar phointe 2 de Chuid C d'Iarscríbhinn IX de Rialachán (AE) 2019/1241, ceadófar go sealadach do na 3 soitheach a bhfuil bratach Mhontainéagró ar foluain acu peaslíonta saighne suas le 180 méadar ar airde a úsáid laistigh de na huiscí críochacha agus faoi chuótaí gabhála seanbhunaithe ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta an aontachais.

PUBLIC